



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2013*

Stampa an Ionaid

*Gaeilge
Ardleibhéal*

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

**Dé Luain
10 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cén t-ainm atá ar an gcomórtas a bheidh ar siúl?

(b) Cén sórt comórtais é?

2. (a) Luaigh grúpa **amháin** daltaí a bhfuil an comórtas dírithe orthu.

(b) Cé mhéad rannóg a bheidh sa chomórtas?

3. Conas is féidir eolas a fháil faoin gcomórtas?

FÓGRA A DÓ

1. Cén fáth a bhfuil an t-airgead seo á bhailiú?

2. (a) Cad a bheidh ar siúl ar an naoú lá de Bhealtaine?

(b) Cad a bheidh ar siúl oíche Dé Céadaoin seo chugainn?

3. Conas a úsáidfean an t-airgead?

Cuid B

Cloisfidh tú *dhá* chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina *dhá* mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cad a rinne Orla inniu?

2. Cén cúrsa ba mhaith le hOrla a dhéanamh san Ollscoil?

3. Luaigh cúis **amháin** nach mbeidh aon fhadhb ag Seán na pointí a fháil, dar le hOrla.

An Dara Mír

1. Cad ba mhaith le Seán a fháil don samhradh?

2. Luaigh fáth **amháin** nach mbeidh sé éasca ar thuismitheoirí Sheáin an bhliain seo chugainn.

3. (a) Cén rud is mó a chruthaíonn fadhbanna do mhic léinn ollscoile, dar le hOrla?

(b) Cad a mholann Orla do Sheán a dhéanamh?

Cuid B ar leanúint

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. (a) Cén scéal a chuala Colm ar an nuacht faoi na heitiltí idir Éirinn agus Nua-Eabhrac?

- (b) Luaigh rud **amháin** a deir Síle faoin aimsir a tháinig le hairicín Sandy.

2. Tabhair píosa **amháin** eolais faoin droch-chaoi a bhí ar Manhattan, dar le Síle.

3. Luaigh **dhá** sheirbhís nach raibh ar fáil san óstán.

(i) _____

(ii) _____

An Dara Mír

1. Luaigh rud **amháin** a chonaic Síle nuair a d'fhéach sí amach an fhuinneog.

2. Cén luach damáiste a rinneadh, dar le Colm?

3. Cén fáth a raibh an stáisiún núicléach dúnta ag an am?



Cuid C

Cloisfidh tú **dhá** píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cad a seoladh aréir?

2. Luaigh gné **amháin** de shaol an chontae a bhfuil alt faoi sa leabhar.

3. (a) Cad a rinne Rory Kavanagh agus a chomhimreoirí Meán Fómhair seo caite?

(b) Cén praghas atá ar an leabhar seo?

PÍOSA A DÓ

1. Cad a bhí ar siúl i gCúil Aodha Dé Domhnaigh seo caite?

2. Luaigh **dhá** earra a bhí ar díol ar na seastáin.

(i) _____

(ii) _____

3. Cén fáth a bhfuil Cór Chúil Aodha ag ceiliúradh i mbliana?

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B nó C** anseo thíos.

Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A – AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE – 100 marc

Scríobh AISTE NÓ ALT NUACHTÁIN / IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

- (a) Rudaí sa saol a théann i bhfeidhm orm.
- (b) Imirce as Éirinn sa lá atá inniu ann.
- (c) Cúrsaí na timpeallachta – mar atá agus mar a bheidh.
- (d) Réaltaí spóirt an lae inniu.
- (e) Éire mar ionad saoire.

B – SCÉAL – 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) Sonas.
- (b) Is minic a bhíonn ciúin ciontach.

C – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – 100 marc
--

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Nil na polaiteoirí ag stiúradh chúrsaí na hÉireann mar is ceart.

- (b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ag cruinniú de Chomhairle na Mac Léinn sa scoil seo agatsa ar an ábhar:

An Córas Oideachais in Éirinn inniu.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ag an gcruinniú sin.

Leathanach Bán